Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8927/20**

**ENFOPOL 144**
**JAI 500**
**DROIPEN 42**
**COSI 101**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8605/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le himscrúduithe airgeadais a fheabhsú chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, arna fhormheas ag an gComhairle an 17 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le himscrúduithe airgeadais a fheabhsú chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024[1] agus na Conclúidí ón gComhairle an 12 Feabhra 2016 maidir leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta[2], na Conclúidí ón gComhairle agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le himscrúdú airgeadais an 9 Meitheamh 2016[3], na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le bearta breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcomhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus na seachanta cánach an 11 Deireadh Fómhair 2016[4],

AG FÉACHAINT don athbhreithniú meántéarma[5] ar an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach ina luaitear an gá atá le tuilleadh feabhais a chur ar "*an gcomhrac i gcoinne na coireachta airgeadais agus i gcoinne sciúradh airgid, agus gnóthú sócmhainní a éascú, trí thacú le comhar praiticiúil éifeachtach idir na Ballstáit, agus comhpháirtíocht oibre a spreagadh idir na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach*",

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha i ndáil le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac[6], a chuireann leis an tsraith tuarascálacha ón gCoimisiún ar an ábhar sin le déanaí[7],

AGUS an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020[8] maidir le Plean Gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI,

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI don phlé a rinneadh an 21 Feabhra 2020 sa Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) agus lenar cuireadh treoir ar fáil maidir leis an tacar Conclúidí seo ón gComhairle,

---

1 Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024 (EUCO 9/19), maidir le feabhas a chur ar chomhar agus comhroinnt faisnéise chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac
2 6068/16
3 10125/16
4 13139/16
5 13319/17
6 14823/19
7 11514/19 (+ADD1), 11516/19, 11517/19, 11518/19, 11519/19
8 7870/20

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI gur den ríthábhacht don Aontas Eorpach imscrúduithe airgeadais i dtaca leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI gur neartaigh an tAontas Eorpach go suntasach a chreat dlíthiúil chun cur i gcoinne an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus chun rochtain a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis airgeadais.[9] Ní mór an creat dlíthiúil sin a chur chun feidhme i gceart d'fhonn coinneáil bord ar bord le comhtháthú méadaitheach na sreabh airgeadais sa mhargadh inmheánach, treochtaí atá ag teacht chun cinn, méid agus sofaisticiúlacht calaoisí ata ag dul i méid, dul chun cinn teicneolaíochta agus clisteacht na gcoirpeach atá ag iarraidh leas a bhaint as aon easnamh nó bearna atá sa chóras,

Á AITHINT DI a thábhachtaí atá cur chuige "lean an t-airgead" chun dul i ngleic le gnéithe airgeadais na coireachta eagraithe agus chun leideanna nua a aithint agus an choireacht eagraithe á himscrúdú agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE go n-éilíonn cur chuige den chineál sin bearta comhordaithe i réimse leathan limistéar idirghaolmhar, lena n-áirítear aisghabháil sócmhainní, úsáid sócmhainní fíorúla (nó criptea-shócmhainní) agus airgeadra fiat, comhordú idir Aonaid éagsúla um Fhaisnéis Airgeadais (AFAanna), chomh maith lena gcomhar le húdaráis forfheidhmithe dlí, chánach agus chustaim ar an leibhéal náisiúnta, nó ról Europol agus a chomhar leis an earnáil phríobháideach,

[9] An 5ú Treoir AMLD, mar a thugtar uirthi, maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (2015/849, arna leasú le 2018/843), an Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (2018/1673) agus an Treoir maidir le húsáid faisnéise airgeadais (1153/2019).

Á MHEABHRÚ DI gur cheart do na Ballstáit, de réir Airteagal 32a den Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid[10] (AMLD), clárlanna láraithe náisiúnta cuntas bainc a chur ar bun faoin 10 Meán Fómhair 2020 lena bhforáiltear do rochtain dhíreach ag AFAanna ar na clárlanna sin agus á mheabhrú di freisin go n-éilíonn an Treoir maidir le húsáid faisnéise airgeadais[11] ar na Ballstáit rochtain dhíreach ar na clárlanna láraithe náisiúnta cuntas bainc sin a thabhairt do na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus d'údaráis inniúla eile chun cionta coiriúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit faoi seach a chosc, a bhrath, a fhiosrú agus a ionchúiseamh,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE go meastar i meastachán coimeádach gur fiú EUR 110 billiún in aghaidh na bliana[12] anois fáltais na coireachta eagraithe laistigh den Aontas Eorpach (AE) agus, in ainneoin na n-iarrachtaí ar fad, go bhféadfadh an ráta coigistíochta ar shócmhainní coiriúla san Aontas a bheith chomh híseal le 1.1%[13] agus sin amháin,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hidirnascadh clárlanna náisiúnta cuntas bainc[14] as a dtáinig an tátal go raibh sé indéanta go teicniúil clárlanna cuntas bainc a idirnascadh agus go mbeadh sé ina uirlis luachmhar sa chomhar trasteorann idir údaráis inniúla, go háirithe idir AFAanna, údaráis forfheidhmithe dlí agus Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

---

10 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 141, 5.6.2015, arna leasú ag Treoir 2018/843.

11 Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, IO L186 an 11.7.2019.

12 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: *Analysis of non-conviction based confiscation measures in the European Union* [Anailís ar bhearta coigistíochta nach bhfuil bunaithe ar chiontú san Aontas Eorpach], SWD (2019) 1050 final, a scaipeadh mar 8627/19.

13 Athfhriotal ó Europol, *Does Crime still pay? Criminal Asset Recovery in the EU* [An fiú tabhairt faoin gcoireacht go fóill? Aisghabháil sócmhainní coiriúla san Aontas Eorpach], Suirbhé ar fhaisnéis staidrimh 2010-2014, 2016, lch. 4.

14 11518/19

Á CHUR IN IÚL DI go bhféadfaí an comhar agus an sreabhadh faisnéise a fheabhsú a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach:

– Idir AFAanna na mBallstát éagsúla,

– Idir AFAanna agus eintitis san earnáil phríobháideach a bhfuil ceangal orthu idirbhearta amhrasacha a thuairisciú (STRanna) do AFAanna inniúla,

– Idir údaráis forfheidhmithe dlí éagsúla,

– Idir údaráis chánach agus údaráis forfheidhmithe dlí,

– Idir AFAanna agus údaráis forfheidhmithe dlí, chánach agus chustaim ar an leibhéal náisiúnta,

– Idir institiúidí airgeadais agus údaráis forfheidhmithe dlí.

Á CHUR IN IÚL DI go bhfuil cumhachtaí áirithe de chuid na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais nach bhfuil comhchuibhithe ar fud an Aontais Eorpaigh, rud a d'fhéadfadh a lorg a fhágáil ar chumas na AFAanna rochtain a fháil agus comhroinnt a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí (go háirithe an chuid sin atá i seilbh na n-eintiteas faoi oibleagáid agus/nó na n-údarás forfheidhmithe dlí),

Á AITHINT DI cineál éagsúil na ngeallsealbhóirí a bhfuil baint acu leis an gcomhrac i gcoinne an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI gur gá d'údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis chustaim, údaráis chánach, Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais rochtain éifeachtach a fháil ar fhaisnéis airgeadais agus gur gá feabhas a chur ar an gcomhar in imscrúduithe náisiúnta agus trasteorann,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé faisnéis airgeadais a mhalartú idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis forfheidhmithe dlí, rud a fheabhsófar a bhuí leis an Treoir maidir le húsáid faisnéise airgeadais[15],

[15] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, IO L186 an 11.7.2019.

Á ADMHÁIL DI a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh eintitis na hearnála príobháidí faisnéis cháilíochtúil a tharchur i dtuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha (STRanna) chuig AFAanna (lena dtugtar aiseolas ábhartha dóibh) agus á admháil di freisin go bhféadfadh údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis a iarraidh ar an earnáil phríobháideach faoi chuimsiú a n-imscrúduithe coiriúla,

AGUS Á AITHINT DI AR AN gCAOI SIN a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a bhunú, idir údaráis atá inniúil chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus eintitis phríobháideacha a bhfuil sé de cheangal orthu idirbhearta amhrasacha a thuairisciú, chun a gcáilíocht agus a gcruinneas a fheabhsú agus cur chuige rioscabhunaithe á chur chun cinn, seachas tuairisciú a bheidh bunaithe ar chomhlíonadh,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur forchuireadh le Cinneadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) toirmeasc ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta Europol (bunaithe ar an imní atá ann maidir le daoine aonair nach meastar a bheith faoi dhrochamhras) chun críocha riarachán teicniúil FIU.net, ach an toirmeasc sin a bheith ar fionraí ar feadh tréimhse bliana chun ligean do Europol aistriú réidh riarachán teicniúil FIU.net chuig eintiteas eile a áirithiú[16],

Á CHUR I dTREIS DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Europol le páirtithe príobháideacha[17] agus DE BHRÍ go bhfuil ról méadaitheach ag páirtithe príobháideacha i gcosc agus i gcomhrac na coireachta cibearchumasaithe, ós rud é gur minic a bhíonn méideanna suntasacha sonraí pearsanta ina seilbh acu a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'údaráis forfheidhmithe dlí,

Á AITHINT DI obair Europol maidir le tacú le comhar i measc údarás forfheidhmithe dlí san Aontas i réimse na calaoise [...] i gcoinne airgeadas poiblí agus príobháideach, an sciúrtha airgid, na haisghabhála sócmhainní, an éillithe agus an ghóchumtha agus tacú freisin le himscrúduithe Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) mar a fhoráiltear sa Rialachán OIPE[18],

---

**16** Cinneadh MECS an 19 Nollaig 2019 maidir le riarachán teicniúil FIU.net arna ndéanamh ag Europol

**17** 14745/19

**18** Rialachán 2017/1939/AE ón gComhairle maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

Á AITHINT DI a thábhachtaí atá Lárionad Europol um Choireacht Airgeadais agus Geilleagair (EFECC),

Á AITHINT DI a thábhachtaí atá an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) agus a shuntasaí atá tosaíocht choiriúil an Aontais "Airgeadas Coiriúil - Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní" mar thosaíocht ann féin chomh maith le tosaíocht chothrománach sna Pleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin uile laistigh de thimthriall beartais an Aontais Eorpaigh,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI go bhfuil ról níos mó ag sócmhainní fíorúla i sciúradh airgid,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá ann an 5ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid a chur chun feidhme go héifeachtach agus í a fhorbairt a thuilleadh, ar treoir í ina bpléitear le hairgeadraí fíorúla agus ina liostaítear soláthraithe a ghabhann do sheirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat chomh maith le soláthraithe tiachóg taisceánacha mar eintitis faoi oibleagáid,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE an obair anailíseach a rinne an Coimisiún[19] agus Europol[20] ina léirítear go mbaineann coirpigh úsáid as íocaíochtaí in airgead tirim chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, rud a fhágann gur gá staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann le híocaíochtaí in airgead tirim a laghdú ar leibhéal an Aontais.

**AN CHOMHAIRLE**

**AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

– aird ar leith a thabhairt ar thrasuí Threoir (AE) 2019/1153 chun an leas is mó is féidir a bhaint as an mbuntáiste a bhaineann leis na clárlanna láraithe cuntas bainc nach mór a bhunú faoin 10 Meán Fómhair 2020.

– a áirithiú go mbeidh imscrúduithe airgeadais, mar thosaíocht chothrománach thrasearnálach EMPACT, mar chuid d'imscrúduithe coiriúla de gach cineál a mhéid a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe, go háirithe maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus ar airm thine, an choireacht mhaoine eagraithe, an choireacht chomhshaoil, an smuigleáil imirceach, an gháinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear seaniarsmaí agus saothair ealaíne, agus gach cineál eile coireachta eagraithe agus go luafar an tosaíocht sin i ngach plean gníomhaíochta oibriúcháin laistigh d'ardán EMPACT.

---

[19] 11514/19 ADD 1

[20] Europol: *Why is cash still the king? A strategic report on the use of cash by criminal groups as a facilitator for money laundering* [Cén fáth a bhfuil an chumhacht ag airgead tirim go fóill? Tuarascáil straitéiseach maidir leis an gcaoi a n-úsáideann grúpaí coiriúla airgead tirim mar éascaitheoir do sciúradh airgid] (2015)

– cur leis an gcomhar agus leis an sineirge maidir le himscrúduithe airgeadais a dhéanamh agus le faisnéis airgeadais a mhalartú idir AFAnna, Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní, údaráis chustaim, údaráis chánach agus údaráis forfheidhmithe dlí.

– dul i mbun plé cuiditheach leis an gCoimisiún maidir le clárlanna náisiúnta cuntas bainc a idirnascadh amach anseo chun luas a chur leis an rochtain ar fhaisnéis airgeadais agus an comhar trasteorann a éascú idir na húdaráis inniúla agus a gcomhghleacaithe Eorpacha.

– in éineacht le gníomhaireachtaí CGB, foirne comhpháirteacha imscrúdaithe a chur chun cinn a thuilleadh chun an sciúradh airgid a nochtadh agus a dhíspreagadh agus chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcoireacht eagraithe.

– tacú lena ngníomhaithe a bhfuil baint acu le tosaíochtaí EMPACT agus leis an bPlean Gníomhaíochta Oibriúcháin (OAP): Airgeadas Coiriúil — "Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní", go háirithe maidir le:

  - Dea-chleachtais agus taithí a chomhroinnt,
  - Faisnéis ábhartha airgeadais a chomhroinnt,
  - Feabhas a chur ar an gcomhar idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis chustaim, údaráis chánach, oifigí um aisghabháil sócmhainní agus aonaid um fhaisnéis airgeadais,
  - Cur leis an gcomhar le tríú tíortha.

– páirt ghníomhach a ghlacadh, ar bhonn deonach agus i gcomhar leis an gCoimisiún, chun plean cuimsitheach gníomhaíochta i ndáil le himscrúduithe a fhorbairt, mar obair leantach ar an bPlean Gníomhaíochta a glacadh le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre in 2016[21].

– in éineacht leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí CGB, cur leis an gcomhar le tríú tíortha maidir le himscrúduithe airgeadais a dhéanamh.

---

[21] 10125/16

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN:**

– machnamh a dhéanamh ar neart a chur leis an gcreat dlí maidir le maoin chalctha a bhainistiú ionas go bhféadfaí í a choigistiú ina dhiaidh sin[22], prionsabal na pleanála réamhurghabhála a áireamh, cumhachtaí breise a thabhairt d'oifigí um aisghabháil sócmhainní, mar shampla cumhachtaí réamhchúraim sealadacha práinneacha um chalcadh chun diomailt sócmhainní a chosc,

– machnamh a dhéanamh ar chreat den sórt sin a chomhlánú trí rochtain dhíreach láithreach a bheadh níos comhchuibhithe a thabhairt d'oifigí um aisghabháil sócmhainní ar chláir phoiblí éagsúla amhail cláir lárnacha talún, cláir lárnacha cuideachtaí, cláir lárnacha feithiclí nó cláir lárnacha mhuirí,

– teacht ar shocrú sealadach, a luaithe is féidir, maidir le riarachán teicniúil FIU.net, agus togra a chur síos maidir le réiteach fadtéarmach do FIU.net nó dá chomharba lena n-áiritheofar comhar éifeachtach idir AFAnna agus idir AFAnna agus Europol i gcás inarb ábhartha[23],

– machnamh a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil a fheabhsú a thuilleadh chun sásraí láraithe náisiúnta na mBallstát (cláir lárnacha nó córais lárnacha leictreonacha le haghaidh aisghabháil sonraí), a mhéid a bhaineann le cuntais bhainc, a idirnascadh, rud a chuirfí dlús le faisnéis airgeadais agus an comhar trasteorann idir údaráis inniúla á éascú ag an am céanna,

– leanúint de mhachnamh a dhéanamh, in éineacht leis na Ballstáit agus le hArdán AE na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais, maidir le sásra comhordúcháin agus tacaíochta lena spreagfaí agus lena n-éascófaí an obair thrasteorann a dhéanann AMAnna, lena n-áirítear nasc féideartha idir an sásra sin agus FIU.net nó a chomharba,

---

[22] An Treoir maidir le coigistiú (2014/42), Airt. 10(2), agus Rialachán (AE) 2018/1805 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta.

[23] Faoi mar a fhoráiltear mar shampla in Airteagal 12 den Treoir seo maidir le húsáid faisnéise airgeadais (1153/2019).

– gan dochar do shaincheart na mBallstát an tsamhail is fearr a oireann dá gcóras dlíthiúil agus riaracháin féin a roghnú dá FIU féin, féachaint an bhféadfaí gnéithe áirithe, ar a laghad, d'eagrú na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) a chomhchuibhiú ar bhealach a chumasódh malairt faisnéise ar bhealach níos éifeachtúla, mar a fhoráiltear sa Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid (AE) 2019/1153 agus in aon ionstraimí eile,

– na conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Europol le páirtithe príobháideacha a thabhairt san áireamh faoi chuimsiú a athbhreithnithe ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/794, agus an cleachtas maidir le sonraí pearsanta a mhalartú ar bhealach díreach le páirtithe príobháideacha,

– meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le creat dlíthiúil feabhsaithe chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ábhartha a bhunú,

– dul i mbun idirphlé leis na Ballstáit an athuair maidir leis an ngá atá le teorainn reachtach ar íocaíochtaí in airgead tirim ar leibhéal an Aontais, mar a fhoráiltear sa teachtaireacht uaidh an 7 Bealtaine 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta maidir le Sciúradh Airgid,

– machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh sócmhainní fíorúla a tugadh isteach leis an 5ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid[24], amhail trí airgeadraí fíorúla a chumhdach nach féidir a mhalartú ar airgead fiat agus ar an gcaoi sin ailíniú níos fearr a bhaint amach le moltaí reatha an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF).

**IARRANN SÍ AR EUROPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

– lánúsáid a bhaint as an acmhainn a ghabhann leis an Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Geilleagair nuachruthaithe mar struchtúr tiomnaithe chun tacú leis an gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí dá gcomhrac i gcoinne na calaoise, an sciúrtha airgid, na héillithe agus an ghóchumtha, agus aisghabháil sócmhainní coiriúla ar fud an Aontais agus lasmuigh de á cur chun cinn ag an am céanna. Ba cheart go léireofaí cruthú EFECC agus na cúraimí atá le comhlíonadh aige go hiomchuí sna hacmhainní a leithdháiltear ar Europol.

---

[24] Treoir (EU) 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843.

– tús a chur leis an obair ullmhúcháin chun socrú oibre a thabhairt i gcrích maidir leis an gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun tacú lena gníomhaíocht maidir le coireanna a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

**IARRANN SÍ AR CEPOL**

– punann oiliúna cuimsitheach a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme le haghaidh imscrúdaitheoirí airgeadais chun tuiscint níos comhleanúnaí a fháil ar na bearta agus na teicnicí trasteorann imscrúdaithe a úsáideann oifigigh forfheidhmithe dlí san Aontas. Ní mór an cúram sin a chomhlíonadh i ndlúthchomhar le Europol agus leis na gníomhaithe ábhartha eile sa réimse áirithe seo coireachta agus ba cheart é a chumasú tríd na hacmhainní is gá a leithdháileadh ar CEPOL le tacaíocht ón gCoimisiún.